| Oideachas ETIM | Cruinniú 7 – 27 Meán Fómhair 2023. |
|---|---|
| **Mír ar an gClár** | **Nótaí** |
| 1. **Fáilte** | Fáilte ón gCathaoirleach agus glacadh le miontuairiscí an chruinnithe dheiridh |
| **2. An Nuacht is Déanaí** | Tugadh forléargas do bhaill na meithle ar na hamlínte le haghaidh an churaclaim athfhorbartha chomh maith le nuashonrú ar an gcuraclam nua Matamaitice. Cuireadh ionchur ar fáil don mheitheal ar obair Thionscadal idirnáisiúnta CIDREE. |
| **3. Torthaí Foghlama** | Cuireadh forléargas ar Thorthaí Foghlama Chéim a hAon i láthair na meithle chomh maith le dréachtstruchtúr faoin gcaoi a bhféadfaí iad sin a eagrú i gcuraclam Oideachais ETIM. Cuireadh forléargas ar fáil ar 'Nádúr ETIM' agus cuireadh samplaí de Thorthaí Foghlama Chéim a hAon don churaclam Eolaíochta, Teicneolaíochta agus Innealtóireachta i láthair lena n-iniúchadh agus le haiseolas a fháil ina leith. |
| **4. Gnéithe** | Cuireadh forléargas i láthair bhaill na meithle ar Ghnéithe le haghaidh an churaclaim Eolaíochta, Teicneolaíochta agus Innealtóireachta. Rinne na baill plé ar dhréachtstruchtúr na nGnéithe. |
| **5. Réamhrá le Caibidil 6** | Cuireadh forléargas ar fáil do na baill ar na trí ghné de chuid Chaibidil 6 sa churaclam matamaitice. Déantar cur síos i gcaibidil 6a ar an gcaoi a bhfoghlaimíonn páistí, déantar cur síos i gcaibidil 6b ar phríomhoideolaíochtaí agus déantar cur síos i gcaibidil 6c ar mheasúnacht. Baineadh leas as Athbhreithniú Litríochta ETIM agus plé á dhéanamh ar roinnt samplaí de phríomhoideolaíochtaí agus iarradh aiseolas ar bhaill na meithle maidir leis na príomhoideolaíochtaí a leagadh amach. |
| **6. Tuarascáil na Meithle Forbartha** | Rinneadh plé ar Chomhchruinniú na Meithleacha Forbartha ar an 13 Meitheamh. |
| 7. **Aon Ghnó Eile** | Tionólfar an chéad chruinniú eile ar an 23 Deireadh Fómhair 2023. |